



AN BANC CEANNAIS EORPACH  
MAOIRSEACHT AR BHAINCÉIREACHT

ECB-PUBLIC

[fee debtor name]

[fee debtor address]

[DD MM YYYY]

Uimhir theileafóin (foireann tacaíochta): +49  
69 1344 4690 Ríomhphost: SSM-fee-  
enquiries@ecb.europa.eu Tagairt  
íocaíochta: [reference number]

## Fógra táillí

Tá cinneadh déanta ag BCE gur mar seo a leanas a bheidh do tháille maoirseachta bliantúla:

<b>Comhchuid íosta na táille [SI]/[LSI]</b>	<b>EUR</b>
<b>Comhchuid athraitheach na táille [SI]/[LSI]</b>	<b>EUR</b>
<hr/>	
<b>Táille maoirseachta bliantúla</b>	<b>EUR</b>

I gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle rinne BCE tobhach bliantúil táille maoirseachta a ghearradh ar institiúidí creidmheasa arna mbunú i mBallstáit rannpháirteacha agus brainsí atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach ag institiúid creidmheasa atá bunaithe i mBallstát neamh-rannpháirteach.

Sonraítear san fhógra táille seo an táille maoirseachta bliantúla atá iníoctha ag d'institiúid arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (ECB/2014/41) don tréimhse táille [YYYY].

Rinneadh an táille maoirseachta bliantúla a ríomh de réir na modheolaíochta atá leagtha síos in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (ECB/2014/41) agus, go háirithe, ag cur na míreanna seo a leanas san áireamh:

- Aicmiú d'institiúide mar [níos lú] suntais don tréimhse ón [DD MM YYYY] go dtí an [DD MM YYYY].
- Méid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2021/490 ón mBanc Ceannais Eorpach (ECB/2021/8) agus a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Maoirseachta Baincéireachta BCE.
- Sócmhainní iomlána EUR [ ] agus neamhchosaint iomlán ar riosca EUR [ ], mar a chinntear i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/2158 ón mBanc Ceannais Eorpach (ECB/2019/38).

**Téarmaí íocaíochta**

Beidh an táille maoirseachta bliantúla iníoctha laistigh de 35 lá tar éis dháta eisiúna an fhógra táille gan táillí a ghearradh ar BCE. Má tá sainordú dochair dhírigh sínithe ag d'institiúid le BCE sula n-eisítear an fógra táille seo, déanfar an táille maoirseachta bliantúla a chur chun dochair go díreach as do chuntas laistigh de 35 lá ó dháta eisiúna an fhógra táillí.

Seachas sin, íoc trí aistriú bainc nó trí TARGET2, agus luaigh do thagairt íocaíochta.

Íocaíocht trí aistriú bainc	Íocaíocht trí TARGET2
Íoc le: MARKDEFF (banc comhfhreagrach)	Íoc le: ECBFDEFFSSM (glacadóir i gceannteideal na teachtaireachta aistrithe SWIFT)
IBAN: DE67 5040 0000 0050 4024 06	
Tairbhí: Sásra Maoirseachta Aonair an Bhainc Ceannais Eorpaigh	Tairbhí: ECBFDEFFSSM

**Fógra**

Cuirtear an fógra táille seo in iúl duit i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1163/2014 (ECB/2014/41).

**Athbhreithniú**

I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, féadfar iarraidh ar athbhreithniú riaracháin inmheánach ar an bhfógra táillí seo a chur faoi bhráid Bhord Riaracháin BCE laistigh de mhí amháin ón dáta ar tugadh fógra maidir leis an táille seo. Ba cheart iarraidh den sórt sin a sheoladh, go hinmhianaithe, trí ríomhphost chuig: [ABOR@ecb.europa.eu](mailto:ABOR@ecb.europa.eu); nó sa phost chuig: Rúnaí an Bhoird Riaracháin Athbhreithnithe, An Banc Ceannais Eorpach, Sonnemannstrasse 22, 60314 Frankfurt am Main, An Ghearmáin. Is féidir tuilleadh eolais faoin nós imeachta um athbhreithniú a fháil i gCinneadh ECB/2014/16 ón mBanc Ceannais Eorpach. De bhun Airteagal 9 de Chinneadh BCE/2014/16, níl éifeacht fionraíochta uathoibríoch ag iarraidh ar athbhreithniú. Tá an iarraidh athbhreithnithe gan dochar don cheart chun imeachtaí a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

**Is doiciméad ríomhghinte é seo atá bailí gan síniú**

*Féach ar <https://www.bankingsupervision.europa.eu/organisation/fees/html/index.en.html> más spéis leat sonraí maidir le modheolaíocht BCE do tháillí maoirseachta, an creat dlíthiúil agus faisnéis mhionsonraithe faoi na costais bhliantúla atá luaite le cúraimí maoirseachta BCE. Foilsítear na leathanaigh seo i dteangacha uile an AE agus tá faisnéis thábhachtach agus phraiticiúil iontu maidir le táillí maoirseachta BCE, lena n-áirítear sonraí maidir le conas an táille do d'institiúidí a mheas (féach ar <https://www.bankingsupervision.europa.eu/organisation/fees/calculator/html/index.en.html>)*